clrg™

COMPANY LAW REVIEW GROUP
an grúpa athbhreithnithe dlí cuideachtaí

Tuarascáil Bhliantúil | 2004

Ábhar

1	Réamhrá	1
2	Cúlra	5
3	Clár oibre agus modus operandi	8
4	Plean Gníomhaíochta Seirbhíse Airgeadais an AE	14
5	Reachtaíocht phríomha reatha agus ionchasach ábhartha	16

Réamhrá

Aire Michael Ahern,
Aire Trádála & Tráchtála

Dr. Thomas B. Courtney,
Chairman,
Cathaoirleach, Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí

Leagann Tuarascáil Bhliantúil an Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí (CLRG) do 2004 síos clár oibre an Ghrúpa Athbhreithnithe don bhliain sin, agus ríomhann sé an t-aschur agus na torthaí a baineadh amach. Toisc go dtiteann an tuarascáil seo i lár chlár oibre reatha dhá-bhliana 2004-2005 an Ghrúpa Athbhreithnithe tá sé mar achoimre seachas tuarascáil substainteach.

Is comhlacht reachtúil é an CLRG bunaithe faoi Chuid 7 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 chun comhairle a thabhairt don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar an leasú agus nua-aoisiú de dhlí cuideachtaí in Éirinn.

Tá ballraíocht den Ghrúpa Athbhreithnithe tarraingthe ó Ranna Rialtais, ó thionscal, ó pháirtithe sóisialta, ó chomhlachtaí gairmiúla agus rialtóirí. Tá an Dr. Thomas B. Courtney, Ceannaire ar Dhlí & Ghéilleadh Iasacht Phearsanta, Grúpa Bhanc na hÉireann, mar chathaoirleach air.

Ceapadh baill, agus i roinnt chásanna athcheapadh iad, ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta don téarma 4-bliain 2004-2007. Tá an ballraíocht reatha mar seo a leanas:

1

"Is comhlacht reachtúil é an CLRG bunaithe faoi Chuid 7 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001..."

An Bord

1

Cathaoirleach:

Dr. Thomas B Courtney
Aturnae, Ceannaire ar Dhlí & Ghéilleadh
Iasacht Phearsanta, Grúpa Bhanc na hÉireann

Baill:

Paul Appleby	Stiúrthóir de Fhorfheidhmiú Corparáideach
Marie Daly	IBEC
Conall O'Halloran	Coiste Comhairleach um Chomhlachtaí Cuntasaíochta - Éire
Paul Egan	Cumann Dlí na hÉireann
Paul Farrell	Cláraitheoir na gCuideachtaí
Michael Halpenny	ICTU
Muriel Hinch	Na Coimisinéirí Ioncaim
William Johnston	Arthur Cox
Deirdre Somers	Stocmhalartán na hÉireann
Jonathan Buttimore	Oifig an Ard-Aighne
Ralph MacDarby	Institiúid na Stiúrthóirí
Vincent Madigan	An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Tanya Holly	An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Maire O'Connor	McCann Fitzgerald
Lyndon MacCann S.C.	Comhairle Bharra na hÉireann
Fiona Delahunty	Institiúid na Rúnaithe agus Riarthóirí Cairte
Nora Rice	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí
Enda Twomey	Cónaidhm Bhaincéirí na hÉireann
Noel Rubotham	An tSeirbhís Chúirteanna

Baill Malartach:

Brian Binchy
Kevin O'Connell
Adrian Brennan
Eamonn McHale
Marie Hurley
Aidan Lambe
Ambrose Loughlin
Donncha Connolly
Des Fullam

1

Baill Nua:

I gcaitheamh na bliana chuir an tAire an OPF-sainithe de Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, Ian Drennan, agus ainmnitheach de Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, Mary Burke, leis an mballraíocht den Ghrúpa Athbhreithnithe.

Rúnaí don Ghrúpa Athbhreithnithe:

Pat Nolan	Príomh Oifigeach, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Rúnaíocht:

Daniel McAuliffe	Oifigeach Riaracháin
Michael O'Leary	Oifigeach Feidhmiúcháin
Colin Delaney	Oifigeach Cléireach
Pamela Rickard	Oifigeach Cléireach

Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí: Cóistí gníomhach i 2004

GRÚPA STIÚRTHA

Cathaoirleach
Thomas B. Courtney

Baill
Paul Egan
Paul Farrell
William Johnston
Ralph MacDarby
Vincent Madigan

Secretariat
Pat Nolan
Daniel McAuliffe
Michael O'Leary

CTP AGUS CÚRSAÍ ÁBHARTHA

Cathaoirleach
Paul Egan

Baill
Márie Daly
Mary Burke
Fiona Delahunty
Tanya Holly
Vincent Madigan
William Johnston
Máire O'Connor
Deirdre Somers
Nora Rice

Pat Nolan, Rúnaí,
Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí

Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí: Cóistí gníomhach i 2004

1

CUIDEACHTAÍ RÁTHAÍOCHTA

Cathaoirleach
Ralph MacDarby

Baill
Marie Daly
William Johnston
Nora Rice
Jonathan Buttimore Tom Fitzpatrick (*Revenue Cmrs.*)
William Devine (*Law Society of Ireland*)

CUIDEACHTAÍ EACHTRACHA

Cathaoirleach
Paul Farrell

Baill
Nora Rice
Vincent Madigan
Paul Egan
Connall O'Halloran
Muriel Hinch

COMHSHÓ AGUS ATHCHLÁRÚ

Cathaoirleach
Nora Rice

Baill
Paul Farrell
Vincent Madigan
Paul Egan
Fiona Delahunty

SCÉIMEANNA COMHINFHEISTÍOCHTA

Cathaoirleach
William Johnston

Baill
Vincent Madigan
Tanya Holly
Deirdre Somers
Máire O'Connor
Muriel Hinch/ Marie Hurley
Martina Kelly

Riarann an CLRG a chuid oibre trí chóras coiste; tá sonraí na ballraíochta leagtha amach thuas. Tá achoimre de thorthaí leagtha amach thíos.

Tá riachtanas faoi Alt 71 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 go n-údaródh an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta cóipeanna de gach tuarascáil den Ghrúpa Athbhreithnithe a bheith curtha faoi bhráid Thithe an Oireachtais laistigh d'am sainithe. De réir na forála seo cuireadh an Dara Tuarascáil substainteach den Ghrúpa Athbhreithnithe faoi bhráid Thithe an Oireachtais i mBealtaine 2004. Tá na tuarascálacha go léir den CLRG ar fáil ar a suíomh ghréasáin, www.clrg.org.

Cúlra

2

An Chéad Tuarascáil

Leag an Chéad Tuarascáil den Ghrúpa Athbhreithnithe (Feabhra 2002) amach an creat oibre leathan don leasú agus don chomhdhlúthú d'Achtanna na gCuideachtaí atá ann faoi láthair agus na hIonstraimí Reachtúla a bhaineann leo, chomh maith le béim a leagadh ar mhion-leasú i roinnt limistéir earnála ar nós dualgais stiúrthóirí, go léir déanta i gcomhthéacs an tsimplithe agus an nua-aoisiú den chód cuideachtaí agus maidir leis na prionsabail dea-bhunaithe de chosaint an chreidiúnaí agus an scairshealbhóra.

Ar an 26 Iúil 2002 cheadaigh an Rialtas an dréachtú den Scéim Ghinearálta de Bhille Leasaithe agus Chomhdhlúite Dlí Cuideachtaí chun na moltaí i gCéad Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe a chur i bhfeidhm. Is é an príomh phrionsabal ar a bhfuil an Scéim Ghinearálta á dhréachtú ná an simpliú de dhlí cuideachtaí. Tá sé sin soiléirithe go sonrach ag an rún chun an chuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna a bhunú mar an gcineál caighdeánach de chuideachta seachas an chuideachta phoiblí (ctp) mar atá an chás faoi láthair. Faoi láthair, tá 88% de na cuideachtaí go léir cláraithe leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ina gcuideachtaí príobháideacha faoi theorainn scaireanna. Is beart simpliú é comhdhlúthú i reacht aonair, agus is iad cuspóirí eile an tionscnaimh ná gur chóir go mbeadh tionchar ag an cód cuideachtaí sruthlíneach agus leasaithe, éifeachtach, intuigthe do stiúrthóirí agus scairshealbhóirí na cuideachta, agus gur chóir go léiríonn an dlí conas mar atá an gnó déanta.

Tá an simpliú agus an nua-aoisiú dár gcód cuideachtaí mar phríomh chuid de leasú rialacháin in Éirinn. Toisc go mbeidh éifeachtúlacht níos mó agus costais níos lú mar thoradh ar na leasuithe molta beidh tionchar dearfach acu ar iomaíochas na hÉireann.

"...chomh maith le béim a leagadh ar mhion-leasú i roinnt limistéir earnála ar nós dualgais stiúrthóirí..."

An Dara Tuarascáil

I Márta 2004 d'fhoilsigh an Grúpa Athbhreithnithe a dara tuarascáil substainteach. Chuir an tuarascáil sin torthaí an Dara Chláir Oibre dhá-bhliana 2002-2003 den Ghrúpa Athbhreithnithe i láthair. Tógann an Tuarascáil sin ar an gcreat bunaithe ag an gCéad Tuarascáil agus rinneadh moltaí laistigh de chomhthéacs an Bhille Leasaithe agus Comhdhlúite molta. Tá an Dara Tuarascáil níos teicniúla ná an Chéad Tuarascáil. Cuireann sé le moltaí ón gCéad Tuarascáil sna limistéir earnála seo a leanas:

- Leachtú;
- Scairchaipiteal;
- Bintiúir agus an chlárú de tháillí;
- Rialú corparáideach agus rialacháin bhainistíochta cuideachta;
- Ceisteanna iniúchta agus cuntasaíochta.

Cúlra

2

Cuireann an Dara Tuarascáil san áireamh, ag Caibidil 9, forbairtí dlí cuideachtaí san AE i leith, go háirithe, an leathnú de Chlár Gníomhaíochta na Seirbhísí Airgeadais. Ar an mhéid is mó is féidir , tá aghaidh á thabhairt ar an leasú agus an comhdhlúthú dár reachtaíocht bhaile i slí ina gcuirtear san áireamh an bailiúchán de bhearta dlí cuideachtaí ag teacht chun cinn ag leibhéal Eorpach.

Ina theannta, léiríonn an Tuarascáil, ag Caibidil 3, an dul chun cinn déanta go dtí seo i ndréachtú na Scéime Ginearálta den Bhille Leasaithe agus Comhdhlúite Dlí Cuideachtaí. Ó 2002 tá an Grúpa Athbhreithnithe ag obair go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar na Teidil dréachta den Bhille nua a chur le chéile agus leathnú a dhéanamh ar an imlíne de na moltaí sa Chéad Tuarascáil.

3

"... an Grúpa Stiúrtha, oifig de bhaill laistigh den Ghrúpa Athbhreithnithe, mar mhaoirseoir ar an treoir straitéiseach den tionscadal leasaithe ..."

Clár oibre agus modus operandi

Toisc an príomh chuspóir den Bhille nua a sheachadadh agus a chur ar aghaidh d'fhorfheidhmiú d'iarr an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, trí thríú clár oibre dhá-bhliana a cheapadh don Ghrúpa Athbhreithnithe chun 2004-5 a chlúdach, ar an nGrúpa díriú ar oibriú leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun na Teidil den Bhille Comhdhlúite agus an Bille a thagann as a chur ar aghaidh d'fhorfheidhmiú. Dá réir sin, leag an cuspóir sin amach na paraiméadair agus an tosaíocht do obair an Ghrúpa i 2004. Chuige sin chuaigh an Grúpa ar aghaidh chun na Teidil den Ghrúpa de Chodanna A den Bhille nua mar atá imlínithe thíos a dhréachtú. Bhog an Grúpa Athbhreithnithe ar aghaidh ansin chun na Teidil den Ghrúpa de Chodanna B a dhréachtú.

Oibríonn an Grúpa Athbhreithnithe de réir struchtúir Choiste, le Coistí á bhunú chun gach Cuid ar leith den Ghrúpa de Chodanna A agus gach cuid den Ghrúpa de Chodanna B a dhréachtú.

De réir an modus operandi tá sé riachtanach go gcuireann gach coiste tuiscint de gach Teideal den Ghrúpa de Chodanna A i bhfeidhm i leith an Cuid ábhartha den Ghrúpa de Chodanna B, is é sin, cibé an chóir na Teidil seo a chur i bhfeidhm nó a chur as feidhm nó mionathrú a dhéanamh orthu agus na forálacha breise atá riachtanach a chur san áireamh sa Chuid áirithe sin den Ghrúpa de Chodanna B a chinntiú.

Tá an Grúpa Stiúrtha, oifig de bhaill laistigh den Ghrúpa Athbhreithnithe, mar mhaoirseoir ar an treoir straitéiseach den tionscadal leasaithe agus déantar iniúchadh ar gach tuarascáil ó choiste roimh iad a mholadh do chéadú don bhallraíocht iomlán den Ghrúpa Athbhreithnithe . I gcleachtadh, athbhreithníonn an Grúpa Stiúrtha gach dréacht ar leith de Theideal den Bhille nua, ag déanamh leasaithe más cuí leo chomh maith. Ansin, téann gach moladh trí dhá leibhéal de iniúchadh roimh ghlacadh deireanach ag an nGrúpa Athbhreithnithe agus dáileadh le haghaidh comhairle níos leithne. I Samhain 2004 rinne an Grúpa Stiúrtha athbhreithniú dian ar Ghrúpa de Chodanna A tharr 2_ lá, ag obair i seisiún ar obair chomhlán de 20 uair. Chuir an t-athbhreithniú comhsheasmhacht agus soiléiriú comhlán i bhfeidhm ar an ndréacht den Scéim Ghinearálta, go háirithe do na socruithe idir-thréimhse gur chóir a chur i bhfeidhm ar thabhairt isteach an CLS[1] (Cuid A2), ar Bhintiúir agus Tháillí (Cuid A7) agus Foirceannadh (Cuid A11). Ba é conclúid suimiúil amháin ón athbhreithniú seo ná ar fhorfheidhmiú an Bhille nua chuirfí tríú den dlí cuideachtaí reachtúil reatha as feidhm ón CLS.

[1] Tá an CLS mar an múnla nua de chineál cuideachta mar atá molta ag an nGrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí ina Chéad Tuarascáil (Ailt. 3.6.5 agus 3.6.6.) agus ceadaithe i bprionsabal ag an Rialtas. Beidh an CLS, cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna, á bhunú mar an gcineál cuideachta idéalach ag an mBille Leasaithe agus Comhdhlúite Dlí Cuideachtaí atá le teacht.

Coiste ar CTP agus Ceisteanna Ábhartha

Ba é ceann de na coistí is gníomhaí ag baint le Codanna ar leith den Scéim Ghinearálta den Bhille Leasaithe agus Comhdhlúite ná an coiste faoi chathaoir Paul Egan. Bhí a chuid oibre roinnte isteach i dhá chlár, ag baint faoi seach le:

(i) *Dlí cuideachtaí reachtúil do chuideachtaí poiblí faoi theorainn scaireanna (CTP) agus leis na hábhair choibhneasta de Reacht Chuideachta na hEorpa (Societas Europeae) (ECS) agus socruithe agus athchruthú i bhfad is go bhfuiltear bainteach le CTP, de réir na Treorach AE 2004/25/CE ar Thairiscintí Táthcheangail.* Ina theannta ar na Teidil do Chodanna B2, B3 agus A9 a fhorbairt chumasaigh sé seo an soiléiriú de na forálacha den Ionstraim Reachtúil chun éifeacht a thabhairt don ECS agus cead a thabhairt dá chomhtháthú níos déanaí isteach sa Ghrúpa de Chodanna B.

(ii) *Dlí urrúis ag ardú ón bPlean Gníomhaíochta Seirbhíse Airgeadais, ag aithint na roghanna cur i bhfeidhm don Treoir um Mí-Úsáid an Mhargaidh 2003/6/CE agus an Treoir Réamheolaire 2003/71/CE.* Chabhraigh an Coiste seo leis an Roinn in ullmhúcháin den téacs dréachta ar dhlí reachtúil chun an t-aistriú den Treoir um Mí-Úsáid an Mhargaidh agus den Treoir Réamheolaire a éascú. Ceaptar go ndéanfar na Treoracha seo, in éineacht leis an Treoir Tréshoilseachta 2004/109/CE, a fhorfheidhmiú trí roinnt Ionstraimí Reachtúla a leith a d'fhéadfaí a chur le chéile i bhforfheidmiú amháin i gcaitheamh na haimsire.

Cuideachtaí Ráthaíochta / Cuideachtaí Gníomhaíochta Comharthaithe

Chruthaigh an Grúpa Athbhreithnithe coiste faoi chathaoir Ralph MacDarby chun na ceisteanna simplithe ag ardú do chuideachtaí ráthaíochta a mheas i gcomhthéacs an Bhille nua. Is iad príomhchonclúidí an Choiste sin, mar a bhí á mheas ag an nGrúpa Stiúrtha i ndiaidh sin, ná:

- gur chóir cuideachtaí ráthaíochta (lena mbainfidh an chuid áirithe den Bhille seo ag déileáil le Cuideachtaí Ráthaíochta) á shainmhíniú mar chuideachtaí faoi theorainn ráthaíocht agus gan scairchaipiteal a bheith acu (i bhfocal eile coibhéiseach leis an gcuideachta ráthaíochta phoiblí reatha);
- gur chóir go mbeadh ar gach cuideachta ráthaíochta clásal cuspóirí a bheith acu;
- gur chóir glacadh le gach cuideachta ráthaíochta eisiach le scairchaipiteal mar fhoirm de Chuideachta Ghníomhaíochta Chomharthaithe;
- beidh ar chuideachtaí ráthaíochta dhá bhall ar a laghad a bheith acu ach ní bheidh aon teorainn ar an uasmhéid de bhaill;
- leathnófaí foráil díolúine iniúchta do chuideachtaí ráthaíochta – tá leibhéal na síleála á chinntiú go fóill;

Tá an Coiste ar tí bogadh ar aghaidh (Márta 2005) ar mheas den chuideachta ghníomhaíochta chomharthaithe.

3

"...ceisteanna simplithe ag ardú do chuideachtaí ráthaíochta a mheas i gcomhthéacs an Bhille nua."

Clár oibre agus modus operandi

3

Coiste Scéimeanna Comhinfheistíochta

I gcomhpháirtíocht leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus i gcomhthéacs an bhunaithe d'earnáil tiomanta san Roinn chun déileáil le rialú corparáideach den tionscal maoinithe mheas an Coiste seo, faoi chathaoir William Johnston, na struchtúir chomhlántacha iomlána do dhlí cuideachta, dhlí urrúis agus dhlí scéime comhinfheistíochta agus mhol sé creat atá leagtha amach níos déanaí sa tuarascáil seo. D'aithin an Coiste seo na ceisteanna ba ghá a phlé sa Bhille Comhdhlúite Dlí Cuideachtaí ar leith ó iad siúd atá á phlé sa Bhille um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha, nó atá le plé sa chomhdhlúthú den Bhille um Scéimeanna Comhinfheistíochta.

Coiste ar chuideachtaí eachtrannacha

Tá na ceisteanna a ardaíonn ó stádas 'Áit Ghnó' a bheith ann ar aon dhul de stádas 'Brainse', á mheas ag coiste faoi chathaoir Paul Farrell, agus an fhéidearthacht go raibh cuideachtaí ina mBrainsí á chomharthú iad féin mar Áiteanna Gnó toisc an nochtadh níos lú a bhíonn ag teastáil. Déanfaidh an coiste tuairisciú ar a gconclúidí don Ghrúpa Stiúrtha den Ghrúpa Athbhreithnithe go luath.

Coiste ar Chomhshó agus Athchlárú de Chuideachtaí

Tá an Coiste, faoi chathaoir Nora Rice, bainteach le gnáthaimh choitinn a chruthú don chomhshó agus don athchlárú de chuideachtaí ó chineál amháin go cineál eile. Faoi láthair tá an cumas ag cuideachta chun comhshó ó chineál amháin go cineál eile teoranta: mar shampla má tá cuideachta tar éis athchlárú ó neamh-theoranta go teoranta ní féidir léi athchlárú mar neamh-theoranta arís. Ní féidir le cuideachta faoi theorainn ráthaíocht gan scaircháipiteal athchlárú mar CLS. Leanann an Coiste lena chuid anailíse, i gcomhthéacs na 10ú Treorach Dlí Cuideachtaí ar chumaisc trasteorann ar feitheamh agus an 14ú Treoir ar an imirce trasteorann de bhinse cuideachta (oifig cláraithe) ar feitheamh chomh maith.

Foirmeacha Eile de Comhlachas

I ndiaidh athbhreithniú de fhorálacha ilghnéitheacha sa dlí cuideachtaí a phléann 'Foirmeacha Eile de Chomhlachas', m.sh., cumainn fhoirgníochta, cumainn thionscail agus choigiltis, agus araile, bheartaigh an CLRG chomh maith le linn 2004 nach bhfuil Cuid ar leith ag cuimsiú forálacha dá leithéid le bheith curtha san áireamh sa Bhille Leasaithe agus Comhdhlúite.

Mheas an Grúpa Athbhreithnithe chomh maith conas is fearr an fhógraíocht do na leasuithe molta sa Bhille nua a bhaint amach agus conas meabhraíocht do iad sin a fhorbairt i measc úsáideoirí de dhlí cuideachta. Réadaíodh na learanna de fhógraí íoctha ar tháirge chomh sainfheidhmeach ach aontaíodh gur slí anmhaith iad na hirisí míosúla, agus araile, de na leasanna léirithe ar an nGrúpa chun an lucht éisteachta sprice a shroicheadh, le béim ar nuálaíocht mór sa tionscnamh

leasaithe. Tá baill den Ghrúpa gníomhach in éascú an scaoileadh d'eolas ar a líonraí féin tríd an ngléas féin agus mhodhanna eile. Mar sin de, is é suíomh gréasáin an Ghrúpa www.clrg.org, an gléas is coitinne chun an lucht éisteachta a shroicheadh, le gach Cuid dréachta den Bhille á chur suas ar an suíomh ar mhaithe le chomhairliú leis na geallshealbhóirí go léir. Mhol an t-iniúchadh is déanaí de sheirbhís chustaiméara ar ardchaighdeán sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta suíomh gréasáin an CLRG go hard agus an t-eolas coibhneasta agus an obair chomhairleora déanta ag rúnaíocht an Ghrúpa.

Scéim Ghinearálta den Bhille Leasaithe agus Comhdhlúite Dlí Cuideachtaí

Mar atá leis na moltaí den Chéad Tuarascáil tá na moltaí a ardaíonn ón dara tuarascáil substainteach á chur isteach sa Scéim Ghinearálta den Bhille Leasaithe agus Comhdhlúite Dlí Cuideachtaí le radharc ar chabhrú leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun beart comhtháite de mholtaí reachtaíochta (an Scéim Ghinearálta de Bhille) a thabhairt chuig an Rialtas le haghaidh comhaontaithe. Is é an sprioc dáta do seo ná deireadh 2005.

3

"...le gach Cuid dréachta den Bhille á chur suas ar an suíomh ar mhaithe le chomhairliú leis na geallshealbhóirí go léir."

Bhí an creat don Bhille Cuideachtaí nua deartha chun an struchtúr seo a leanas a bheith ann:

Grúpa A	**Cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna**
Cuid 1	Réamhrá agus Sainmhínithe
Cuid 2	Corprú agus Cúrsaí Iarmhartacha
Cuid 3	Scairchaipiteal
Cuid 4	Rialú Corparáideach
Cuid 5	Dualgais de Stiúrthóirí agus Oifigigh eile
Cuid 6	Cuntais, Iniúchadh agus Aischur Bliantúil
Cuid 7	Bintiúir agus Clárú de Tháillí
Cuid 8	Glacadóirí
Cuid 9	Socruithe agus Athchruthú
Cuid 10	Cumann Scrúdaithe
Cuid 11	Foirceannadh
Cuid 12	Díscaoileadh agus Aischur
Cuid 13	Géilleadh, Iniúchadh agus Forfheidhmiú
Cuid 14	Comhlachtaí Rialála agus Comhairleora[3]

[3] Oifig an Stiúrthóra d'Fhorfheidhmiú Corparáideach, An Oifig um Chlárú Cuideachtaí, Údarás um Chaighdeáin Iniúchta agus Chuntasaíochta na hÉireann, Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí.

Clár oibre agus modus operandi

3

Grúpa B	**Cuideachtaí agus comhlachtaí corparáideacha seachas an chuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna**
Cuid 1	Sainmhínithe
Cuid 2	Cuideachtaí Teoranta Poiblí
Cuid 3	Cuideachtaí Eorpacha (Societas Europeae nó 'SE')
Cuid 4	Cuideachtaí Gníomhaíochta Comharthaithe
Cuid 5	Cuideachtaí Ráthaíochta
Cuid 6	Cuideachtaí Neamh-theoranta
Cuid 7	Cuideachtaí Thar Sáile
Cuid 8	Cuideachtaí Neamh-chláraithe
Cuid 9	Comhshó agus Athchlárú
Cuid 10	Comhlachtaí Ilghnéitheacha Corparáideacha
Cuid 11	Scéimeanna Comhinfheistíochta

I caitheamh an mhion-anailísiú de na Codanna den Scéim Ghinearálta den Bhille tháinig sé chun cinn go bhfuil gá ann an struchtúr den Ghrúpa de Chodanna B a choigeartú. Beidh cinneadh deireanach á dhéanamh ar sin i 2005. Faoi Eanáir 2005, bhí Codanna A2, A3, A4, A5, A7, A8, A9, A10, A12, A13 agus A14 de na Teidil dréachta den Bhille chun dlí cuideachtaí a leasú agus a chomhdhlúthú formheasta ag an nGrúpa Athbhreithnithe, agus a bhí siad ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin an CLRG www.clrg.org.

Tá Cuid A11, ag déileáil le Foircheannadh, beagnach críochnaithe. Tá sé seo mar an gcuid is faide den Bhille, le níos mó ná 160 Rannóg. Tháinig beart d'fhorálacha níos sruthlíní agus níos soléite amach ó obair an Ghrúpa Athbhreithnithe, le teach le chéile, nuair is cuí, de rannóga do thrí shaghas de fhoirceannadh (toilteanach baill, toilteanach creidiúnaí, agus ordaithe ag an gcúirt), neamairt níos straitéiseacha agus níos lú feidhmiúla de leachtú ordaithe ag an gcúirt agus moltaí don rialú de leachtaitheoirí. De na Codanna go léir dáilte fuair an Chuid seo na haighneachtaí is mó.

Chun Cuid A6, Cuntais, Iniúchadh agus Aischur Bliantúil a chríochnú, ba ghá feitheamh ar chomhlánú na Rialachán dréachta chun an Treoir Nua-Aoisithe a chur i bhfeidhm agus an cleachtadh de roghanna foráilte do sa Rialachán um Chaighdeáin Chuntasaíochta Idirnáisiúnta, féach ar 4 thíos. Rinneadh Rialacháin (Caighdeáin Tuarascithe Airgeadais Idirnáisiúnta agus Leasuithe Ilghnéitheacha) an Chomhphobail Eorpaigh 2005 a fhorfheidhmiú ar 24 Feabhra 2005.[2]

Beidh Cuid A1, a dhéileálfaidh le cúrsaí cosúil le léirmhíniú agus tosú, mar an gCuid deireanach den Scéim Ghinearálta atá le dhréachtú.

[2] Ionstraim Reachtúil uimh. 116 de 2005.

4

"... an moladh chun na bearta mhargaidh phríomha PGSA a dhíchúpáil ó dhlí cuideachtaí comhdhlúite in Éirinn á chur ar aghaidh ag ceisteanna d'ama..."

Plean Gníomhaíochta Seirbhíse Airgeadais an AE

Is é ceann de na meitea-chuspóirí den Ghrúpa Athbhreithnithe ná a chinntiú gur chóir go dtarlaíonn an tionscnamh chun dlí teaghlaigh a leasú ar aon dul le haon leas ar dhlí cuideachtaí Eorpach ag éirí ón bPlean Gníomhaíochta Seirbhíse Airgeadais (PGSA)[3]. Ar an gceann sin mheas an Grúpa Athbhreithnithe an ceist de conas an forfheidhmiú agus an comhdhlúthú de dhlí cuideachtaí in Éirinn a phlé, ar chlár leathan, a tháinig amach agus a thiocfaidh amach ó thionscnaimh AE á leagadh amach faoin PGSA. Sna cúig bhliana seo caite, mar iarmhairt den PGSA, ghlac an AE líon mór de bhearta ag tabhairt dlíthe reatha suas chun dáta, ar nós an dlí ar réamheolairí agus trádáil inmheánach, ach chomh maith ag thabhairt faoi limistéar neamh-rialaithe roimhe seo, mar ionramháil an mhargaidh agus tairiscintí táthcheangail.

De bhun anailís de ábhar agus chomhthéacs na mbearta PGSA d'aontaigh an Grúpa Athbhreithnithe ar na prionsabail seo a leanas:

- *Corpróidh an Bille comhdhlúite an dlí cuideachtaí diongbháilte chomh mór agus is féidir;*
- *Sa mheán-téarma beidh cuideachtaí infheistíochta, [(Cuid XIII den Acht 1990) díchúpláilte ó dhlí cuideachtaí cóir] agus á fhoráil in bhforfheidhmiú ar leith;*
- *Beidh na bearta PGSA a bhaineann le gníomhaíocht mhargaidh urrúis phríomha – an Treoir um Mí-Úsáid an Mhargaidh, an Treoir Réamheolaire agus an Treoir Soiléireachta, ar aon dhul le bearta an Choimisiúin AE déanta faoi na Treoracha sin - díchúpláilte ó dhlí cuideachtaí cóir. Go hidéalach, cóireálfar iad mar grúpa ar leith d'ionstraimí dleathacha.*
- *Ba chóir an cinneadh de cibé ar chóir na forálacha PGSA a fhorfheidhmiú mar phríomh reachtaíocht nó mar ionstraim reachtúil á dhéanamh ar bhonn cás-ar-chás pragmatach.*

Tá an moladh chun na bearta mhargaidh phríomha PGSA a dhíchúpáil ó dhlí cuideachtaí comhdhlúite in Éirinn á chur ar aghaidh ag ceisteanna d'ama agus pragmatachas chomh maith le cúis ar rialú théama cuí. Fad is go mbaineann roinnt bhearta PGSA le rialú de chuideachtaí trádáilte agus chuntais chuideachtaí trádáilte tá cinn eile ag baint níos mó le margaíocht de tháirgí airgeadais agus an eolas a sholáthar fúthu. Corprófar na bearta a bhaineann le rialú agus cuntais sa Bhille, ar an méid is mó is féidir, ach ní chorprófar bearta eile. Ní chiallaíonn an moladh díchúpála cur chuige 'lámha de' ag an nGrúpa Athbhreithnithe ar bhearta PGSA. Leanfaidh an CLRG le príomh ról

[3] Ar 11 Bealtaine 1999 ghlac Coimisiún na hEorpa Plean Gníomhaíochta ag léiriú sraithe de chuspóirí polasaí agus bhearta áirithe chun an Margadh Eorpach Aonair a fheabhsú do sheirbhísí airgeadais le linn na cúig bliana le teacht. Mhol an Plean Gníomhaíochta (PGSA) tosaíochtaí léirithe agus scálaí ama ar bhearta reachtaíochta agus eile chun na trí cuspóirí straitéiseach a bhaint amach:
- margadh ar leith a chinntiú do sheirbhísí airgeadais miondíola;
- margaidh mhiondíola oscailte agus daingne; agus
- maoirseacht agus rialacháin chríonna nua-aimseartha.

comhairleora a bheith acu ar bhearta PGSA agus a n-aistriú isteach i ndlí Éireannacha agus ar an méid a bhíonn gné dlí cuideachtaí tábhachtach ag bearta PGSA agus, mar sin, go dtiteann siad laistigh de pholasaí agus de chúram reachtaíochta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Treoir Réamheolaire

D'aithin an Grúpa Athbhreithnithe gur tháinig ceist áirithe chun cinn maidir leis an Treoir Réamheolaire toisc go bhfuil an dlí i leith Réamheolairí rialaithe ag reachtaíocht ón AE agus reachtaíocht bhaile araon, ansin ag tabhairt aghaidh ar "easpa comhtháthaithe idir príomh-ghnéithe de na príomh chomhlachtaí reachtaíochta seo (ag fáil) ar mhearbhall, neamh-chinnteacht agus neamhréir ar fheidhmiú de reachtaíocht i leith tairiscintí poiblí".[4] Tá anailísiú iomlán déantar ar na ceisteanna i gCaibidil 9 de Chéad Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe. Fiú go mbaintear aistriú amach tríd an bhfeidhmiú den Treoir Réamheolaire ag Ionstraim Reachtúil, ní leoir é sin leis féin chun an fhadhb de mhearbhall a réiteach toisc nach féidir an Ionstraim Reachtúil á úsáid chun na forálacha nochta sa chód Cuideachtaí a thagann ón Acht 1963 a aisghair nó a leasú. Dá réir sin, fad is a chuirfidh Ionstraim Reachtúil an corp den Treoir i bhfeidhm tá na haimhrialtachtaí leagáide sa phríomh dhlí á phlé sa Bhille um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha. Tá sé ceaptha go mbeidh an Bille seo foilsithe i Márta 2005.

Treoir Nua-Aoisithe/Rialúchán IAS

I gcaitheamh 2004 dhearbhaigh an Grúpa a chomhaontú den leagan ginearálta den chríochaontú molta de roghanna náisiúnta ar an Treoir Nua-Aoisithe (Treoir 2003/51/CE) agus den Rialúchán IAS (Rialúchán (CE) 1606/2002) mar atá leagtha amach i gcáipéis díospóireachta á eisiúint ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Mar sin de, thug an Grúpa an straitéis molta sa cháipéis chomhairleora san RA faoi deara maidir leis an gcur chuige Briotánach molta ar fhorán bhfeidhmiú de fhorálacha Nua-Aoisithe agus IAS. [5] D'aontaigh an Grúpa Athbhreithnithe ar an dtábhacht de chomhsheasmhacht a choimeád le forálacha an RA ar an mbonn go bhfuil sé inmhianaithe de bharr an dlúthbhaint idir na comhlachtaí cuntasaíochta sa dá dhílseacht go bhfuil na forálacha Éireannacha cosúil le forálacha an RA. Ba é comhairle an luchta chuntasaíochta don Roinn ná go mbeadh an toradh is fearr ann dá mbeadh na hionstraimí seo curtha i bhfeidhm sa dlí Éireannach ag Rialacháin níos mine ná mar a bhí ceaptha dóibh i dtosach. Rinneadh Rialacháin (Caighdeáin Tuarascála Airgeadais Idirnáisiúnta agus Leasaithe Ilghnéitheacha) na gComhphobal Eorpach 2005 a fhorfheidhmiú ar 24 Feabhra 2005.[6] Tá súil go mbeidh na hathruithe á chur isteach i gCuid A6 den Bhille nua agus tá dréachtú tosaithe ar an mbonn seo.

4

[4] Alt. 9.1.3 de Chéad Tuarascáil an CLRG.
[5] DTI/HM Treasury, Modernisation of Accounting Directives/IAS Infrastructure, March 2004, www.hm-treasury.gov.uk
[6] Ionstraim Reachtúil uimh. 116 de 2005.

5

"...ar feitheamh don aistriú den reachtaíocht scéime comhinfheistíoch ta comhdhlúite molta."

Reachtaíocht phríomha reatha agus ionchasach ábhartha

An Bille um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha

Cheadaigh an Rialtas an Scéim Ghinearálta den Bhille seo ar 30 Samhain 2004 agus cuireadh ar aghaidh é do Oifig na Comhairle Parlaiminte ar dhréachtú foirmiúil. Cuimsíonn sé 7 cuid difriúil, lena n-áirítear go hainmniúil, ag foráil don fheidhmiú den Treoir um Mí-Úsáid an Mhargaidh, ag réiteach fadhbanna cruthaithe ag an bhféidearthacht atá ann faoi láthair de dhá bhonn dleathacha difriúla a fheidhmiú ar dhlí Réamheolaire, agus ceisteanna ardaithe ag an tionscal Cistí a phlé. Ag am na scríbhneoireachta, tá an Bille seo ag dul tríd an Oireachtas.

Struchtúir chomhlántacha ar dlí scéime comhinfheistíochta, urrúis agus cuideachtaí

Rinne an Grúpa Athbhreithnithe na struchtúir thíos a mheas i gcomhairle leis an Roinn agus tá siad comhaontaithe mar an chreat don leathnú níos mó de dhlí cuideachtaí agus na cóid dlí sainfheidhmeacha atá le léamh in éineacht le dlí cuideachtaí.

Bearta an tionscail chistí

Sa téarma láithreach, thóg an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an Scéim Ghinearálta den Bhille um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha, chuig Oifig na Comhairle Parlaiminte ar mhaithe le Bille a dhréachtú. Maidir le cistí is é aidhm an Bhille ná chun foráil a dhéanamh do ghléas infheistíochta nua – Cistí Conartha Coitianta neamh-UCITS [7] agus foráil a dhéanamh do tras-infheistiú agus fhiachas leithscartha do chistí infheistíochta. Déanann an Bille athruithe riachtanacha chun aistriú réidh a éascú do na Treoracha AE ag baint le Réamheolaire agus Mí-Úsáid an Mhargaidh. Cuimsíonn an Bille roinnt fhorálacha dlí cuideachtaí ilghnéitheacha agus leasuithe beaga ar dlí tomhaltóra.

Beidh forálacha dlí cuideachtaí an Bhille seo, nuair a dhéanfar é a fhorfheidhmiú, corpraithe sa chomhdhlúthú a leanann dlí cuideachtaí, ar feitheamh don aistriú den reachtaíocht scéime comhinfheistíochta comhdhlúite molta.

Comhdhlúthú de Scéimeanna ComhInfheistíochta

Go meán-téarmach, tá sé ar intinn ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an reachtaíocht a bhaineann le cistí a chomhdhlúthú. Faoi láthair is féidir ciste a chomhdhéanamh mar chuideachta, iontaobhas aonaid, agus araile. I bprionsabal, is é an cuspóir de na scéimeanna comhinfheistíochta a chomhdhlúthú ná na saghsanna difriúla de ghléas corparáideach a d'fhéadfadh ciste a úsáid a leagan amach, agus ansin forálacha réimse coitianta a leagan amach le bheith curtha i bhfeidhm pé cruth corparáideach a bhíonn i gceist.

[7] Ciallaíonn Ciste Conartha Coitianta gléas infheistíochta nua atá dírithe ar chistí pinsin a chumasú chun a infheistíochtaí a chomhthiomsú i modh éifeacht i leith cánach.

Reachtaíocht phríomha reatha agus ionchasach ábhartha

Moltaí an Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí (CLRG)

Rinneadh athbhreithniú ar na moltaí de na Scéimeanna ComhInfheistíochta i gCéad Tuarascáil an CLRG de réir (a) an Bille um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha agus (b) an comhdhlúthú molta de na scéimeanna comhinfheistíochta léirithe thuas. Is é an conclúid ná sa limistéar seo díreoidh an Bille Comhdhlúite agus an t-Athbhreithniú Dlí Cuideachtaí ar na moltaí ag ailt 16.8.3 agus 16.8.7 de Chéad Tuarascáil an CLRG, is é sin:

- Ba chóir Rannóga 252(1), 253, 256(2) agus 266(1) den Acht 1963 a mhionathrú ar a bhfeidhmiú ar chuideachtaí infheistíochta d'fhonn iad a fhodháil leis an riachtanas ar réiteach scairshealbhóirí san fhoirceannadh toilteanach de chuideachta infheistíochta agus chun cuideachtaí infheistíochta de fhad teoranta a éascú. **(16.8.3)**
- Ba chóir an cur as feidhm de alt 53 den Acht 1990 ag alt 55 den Acht 1990 i gcás cuideachtaí infheistíochta UCITS a leathnú do chuideachtaí infheistíochta neamh-UCITS. **(16.8.7)**

An Bille Leasaithe agus Comhdhlúite Dlí Cuideachtaí – cur chuige do cheisteanna cistí

Is é an próiseas ceaptha ná go ndéanfar leasú ar Chuid XIII den Acht 1990 chun na moltaí CLRG tagartha thuas a chur san áireamh. Ar feitheamh ar an aistriú faoi dheireadh de fhorálacha ag baint le cistí ó chód cuideachtaí comhdhlúite do Bhille na Scéimeanna Comhinfheistíochta Comhdhlúite beidh an dá leasú á lonnú i gCuid XIII athbhunaithe ar aon dul le forálacha eile ag baint leis na Cistí. In éifeacht, cuimseoidh an Bille Leasaithe agus Comhdhlúite Dlí Cuideachtaí ag déileáil le scéimeanna comhinfheistíochta Cuid XIII leasaithe.

Toradh reachtaíochta

Mar fhocal scoir, i ndiaidh na conclúide den chlár dhá-bhliana reatha, tá sé ar intinn againn go mbeidh an struchtúr seo a leanas deartha ag an CLRG do gach rud atá cuimsithe in Achtanna na gCuideachtaí agus na Rialacháin coimhdeacha déanta faoi Achtanna na gComhphobal Eorpach 1972 agus 1973:

- dlí cuideachtaí, sa Bhille Leasaithe agus Comhdhlúite Cuideachtaí
- dlí urrúis ag baint le gníomhaíocht mhargaidh phríomha, i ngrúpa d'Ionstraimí Reachtúla, forfheidhmithe (i gcás na Treoracha um Mí-Úsáid an Mhargaidh agus Réamheolaire) agus pleanáilte (i gcás an Treoir Soiléireachta), le forálacha maidir le dliteanas sibhialta agus pionóis choiriúla sa Bhille Leasaithe agus Comhdhlúite Cuideachtaí;
- dlí na scéimeanna comhinfheistíochta, le bheith cónasctha i mBille um Scéimeanna Comhinfheistíochta nua.

5

"...le forálacha maidir le dliteanas sibhialta agus pionóis choiriúla sa Bhille Leasaithe agus Comhdhlúite Cuideachtaí"

clrg™

COMPANY LAW REVIEW GROUP
an grúpa athbhreithnithe dlí cuideachtaí

Earlsfort Centre
Hatch Street Lower
Dublin 2

Tel +353 1 631 2763
Fax +353 1 631 2553

www.clrg.org

Deartha ag Legato Design